

©Jennifer Farley

Ón leabhar *Bliain na nAmhrán* le Tadhg Mac Dhonnagáin (*Futa Fata*)



Oíche Nollag

Tá an teach ina chodladh
Tá na páistí ina luí
Ach céard é sin
Ar dhíon an tí?

Cé tá ag teacht
Anuas an simléar?
Bréagáin aige
Do na páistí go léir


A haon, a dó
A haon, a dó, a trí
An gcloiseann tú
Ceol na gcloigíní?

A trí, a ceathair
A cúig, a sé
Daidí na Nollag
Hip! Hip! Huiré!

Áine Ní Ghlinn

Maisigh an fear sneachta

1. Tabhair súile dó
2. Tabhair srón dó
3. Tabhair béal dó
4. Tabhair lámha dó
5. Cuir hata air
6. Cuir scaif air
7. Tabhair cnaipí dó



BILEOG BHREISE don MHÚINTEOIR

Níor theastaigh uaim go mbeadh an iomarca ar an mbileog féin mar nach mbeadh léamh na Gaeilge ag mórán páistí – go háirithe, sna Naíonáin Bheaga.

1. Ceisteanna maidir leis an bpictiúr:

Céard a fheiceann tú sa phictiúr?

An bhfeiceann tú crann?

Cé mhéad crann?

An bhfeiceann tú réinfhia?

Cé mhéad réinfhia?

Céard is ainm do na réinfhianna?

An bhfuil aon amhrán ar eolas agat faoi Rudolf?

An bhfeiceann tú an carr sneachta?

Cé atá sa charr sneachta?

Céard atá ag Daidí na Nollag sa charr sneachta?

Cén oíche atá ann sa phictiúr seo?

Cá bhfios duit?

Céard a tharlaíonn Oíche Nollag?

Déan cur síos ar Dhaidí na Nollag?

An bhfuil sé mór?

An bhfuil sé beag?

Cén dath atá ar a chuid éadaí?

Céard a dhéanann Daidí na Nollag?

Céard ba mhaith leatsa ó Dhaidí na Nollag?

Céard a fuair tú ó Dhaidí na Nollag anuraidh?

Cé na dathanna a fheiceann tú sa phictiúr?

2. Cluiche (a bhaineann leis an bpictiúr)

Feicim le mo shúilín rud a thosaíonn le

3. Dán

D'fhéadfaí véarsaí breise a chur leis an dán

D'fhéadfaí an dán a mhaisiú agus pictiúr a chur leis

4. Ceisteanna faoin bhfear sneachta

Cén dath atá ar an bhfear sneachta?

Cén dath atá ar an hata?

Cén dath atá ar an tsrón?

Cén dath atá ar an scaif?

An maith leat an sneachta?

Céard a dhéanann tú nuair a bhíonn sé ag cur sneachta?

An ndearna tú fear sneachta riamh?

©Mary Murphy
ón leabhar *Christmas is the Best Bit* (Egmont Books)



Soilse Nollag


*Soilse ag lonrú
Glas agus buí
Anocht Oíche Nollag
Tá sé in am dul a luí*

*Soilse ag lonrú
Dearg is gorm
Anocht Oíche Nollag
Tá sceitimíní orm*

*Réaltaí ag lonrú
Go hard ins an spéir
Anocht Oíche Nollag
Nollaig shona daoibh go léir*

Áine Ní Ghlinn

Dathaigh agus maisigh an crann Nollag seo



Áine Ní Ghlinn

SMAOINTE BREISE DON MHÚINTEOIR

1. Ceisteanna faoin bpictiúr

Céard iad na dathanna ar an gcrann?

An gcuireann sibh maisiúcháin suas sa bhaile?

Cén sórt maisiúcháin a chuireann sibh timpeall an tí?

Cé na seomraí ina gcuireann sibh maisiúcháin? (Liosta de na seomraí)

An gcuireann sibh crann suas?

Cén seomra ina gcuireann sibh an crann?

Cén sórt maisiúcháin a chuireann sibh ar an gcrann Nollag?

Céard a chuireann sibh ar bharr an chrainn?

Cé a chuireann gach rud suas ar an gcrann?

2. Dán

Maisigh an dán. Déan pictiúr le dul leis.

Is féidir véarsaí beaga simplí a chumadh le ceol *Frere Jacques* agus iad a chanadh leis na páistí. Ní bheadh iontu ach foclóir agus spraoi – go háirithe do pháistí i ngaelscoileanna taobh amuigh den Ghaeltacht nach mbeadh Gaeilge ar a dtoil acu fós.

Sampla:

*Nollaig shona/Nollaig shona/ Dhaoibh go léir/Dhaoibh go léir
Santa agus Rudolf/Santa agus Rudolf/Thuas sa spéir*

3. Crann le dathú

Céard a chuir tú ar an gcrann?

Cé na dathanna atá ar gach rud?

Cluiche:

D'fhéadfá orduithe a thabhairt do na páistí:-

Cuir maisiúchán dearg ar an gcrann

Cuir rud éigin buí ar an gcrann (srl)

Cuir aingeal/réalta ar bharr an chrainn